10. PRÓTACAL MAIDIR LEIS AN NÓS IMEACHTA UM EASNAMH IOMARCACH

TÁ NA hARDPHÁIRTITHE CONARTHACHA,

ÓS MIAN LEO sonraí an nós imeachta um easnamh iomarcach dá dtagraítear in Airteagal III-184 den Bhunreacht a leagan síos,

TAR ÉIS COMHAONTÚ ar na forálacha seo a leanas a chuirfear i gceangal leis an gConradh ag bunú Bunreachta don Eoraip:

Airteagal 1

Is mar a leanas na luachanna tagartha dá dtagraítear in Airteagal III-184(2) den Bhunreacht:

(a) 3 % don chóimheas idir an t-easnamh rialtais, pleanáilte nó iarbhír, agus an olltáirgeacht intíre ag praghsanna margaidh;

(b) 60 % don chóimheas idir an fiachas rialtais agus an olltáirgeacht intíre ag praghsanna margaidh.

Airteagal 2

Chun críocha Airteagal III-184 den Bhunreacht agus an Phrótacail seo:

(a) ciallaíonn 'rialtas' rialtas ginearálta, is é sin, rialtas láir, rialtas réigiúnach nó áitiúil agus cistí slándála sóisialta, seachas oibríochtaí tráchtála, mar atá siad sainithe i gCóras Eorpach na gCuntas Eacnamaíoch Suimeáilte;

(b) ciallaíonn 'easnamh' an ghlanfháil ar iasacht mar atá sí sainithe i gCóras Eorpach na gCuntas Eacnamaíoch Suimeáilte;

(c) ciallaíonn 'infheistíocht' ollfhoirmiú caipitil sheasta mar atá sé sainithe i gCóras Eorpach na gCuntas Eacnamaíoch Suimeáilte;

(d) ciallaíonn 'fiachas' ollfhiachas iomlán ar luach ainmniúil atá amuigh ag deireadh na bliana agus arna chomhdhlúthú idir earnálacha rialtais ghinearálta agus laistigh díobh mar atá sé sainithe i bpointe (a).

Airteagal 3

Chun éifeachtúlacht an nós imeachta um easnamh iomarcach a áirithiú, beidh rialtais na mBallstát freagrach faoin nós imeachta sin as easnaimh rialtais ghinearálta mar atá sé sainithe in Airteagal 2(a). Áiritheoidh na Ballstáit go gcumasóidh nósanna imeachta náisiúnta sa réimse buiséadach dóibh a n-oibleagáidí sa réimse sin a chineann ón mBunreacht a chomhall. Déanfaidh na Ballstáit tuarascáil don Choimisiún go pras, tráthrialta ar a n-easnaimh phleanáilte agus iarbhír agus ar leibhéil a bhfiachais.

Airteagal 4

Soláthróidh an Coimisiún na sonraí staidrimh a úsáidfear chun an Prótacal seo a chur i bhfeidhm.